





Ráiteas Straitéise 2022-2024



Ár bhFís:

Saolta agus fiontair
shláintiúla, shábháilte
agus tháirgiúla



An Clár Ábhar

01	An Brollach	4
02	An Réamhrá	5
03	Eolas Fúinne agus Faoina nDéanaimid	7
04	Comhthéacs agus Treo na Straitéise	8
05	Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna	10
06	Tosaíochtaí Straitéiseacha, Spriocanna agus Torthaí a bhfuil Súil leo	12
07	An Straitéis seo a Chur i bhFeidhm agus Feidhmíocht a Thomhas	19
08	Aguisín 1 – Comhairliúchán Poiblí/Seachtrach	20
09	Aguisín 2 – Athbhreithniú ar Straitéis 2019–2021	22



Published by the Health and Safety Authority, The Metropolitan Building, James Joyce Street, Dublin 1.

© All rights reserved.



An Brollach le Damien English TD, an tAire Stáit Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Tá sainordú leathan agus ilghnéitheach ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, lena n-áirítear feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta atá freagrach as oibríthe a chosaint ar thimpistí, gortuithe agus drochshláinte a bhaineann leis an obair. Feidhmíonn sé mar an t-údarás faireachais margaidh le haghaidh ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha, agus cosnaíonn sé gach saoránach ar na rioscaí a eascraíonn as ceimiceáin a úsáid. Cuireann an tÚdarás an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe ar fáil trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB).

Leagtar amach go soiléir sa straitéis seo tosaíochtaí agus spriocanna an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sna réimsí tábhachtacha sin ar fad, agus cuirtear san áireamh freisin na dúshláin dhifriúla a bhí le sárú ag Éirinn le blianta beaga anuas agus a bheidh le sárú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta sna trí bliana amach romhainn.

Áirítear leo siúd teacht amach as paindéim shláinte poiblí COVID-19, dul i ngleic leis an drochthoradh leanúnach a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, aghaidh a thabhairt ar bhealaí nua oibre chomh maith leis an gcianobair, freagairt don ghéarchéim aeráide agus úsáid mhéadaithe na hintleachta saorga san ionad oibre agus na dúshláin a d'fhéadfadh sé sin a chruthú d'obair an Údarás.

Tá áthas orm go bhfuil an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe 2022–2026 curtha i gcrích anois agus go gcuirfidh INAB i bhfeidhm í. Trí chur i bhfeidhm na straitéise seo, beidh aitheantas agus feasacht fhorleathan an phobail ar chreidiúnú le brath agus bealach soiléir ag Éirinn le leas a bhaint as na tairbhí iomadúla a bhaineann leis an gcreidiúnú, ina measc siúd an trádáil idirnáisiúnta a éascú agus táirgiúlacht a mhéadú.

Aithneofar creidiúnú go lárnach chun iontaobh agus muinín as fiontar, trádáil agus seirbhísí poiblí na hÉireann a sholáthar, rud a chuirfidh ar chumas earraí agus seirbhísí na hÉireann “tástáil agus creidiúnú a dhéanamh aon uair amháin, ach a nglacfar leo gach áit”.

Faoin tsábháilteacht agus sláinte ceirde, leanfaidh an tÚdarás air ag díriú ar earnálacha ardriosca agus guaiseacha a chruthaíonn básuithe, timpistí, gortuithe agus drochshláinte.

Mar an gcéanna, leagfaidh sé béim ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar ghuaiseacha sláinte ceirde, go háirithe iad siúd a bhaineann le rioscaí síceasóisialta agus eirgeanamaíochta, agus nochtadh d'oibreáin cheimiceacha agus bhitheolaíocha. Tríd an gcistiú breise a sholáthair an Rialtas, is cúis áthais dom a lua go bhfuil an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta chun rannóg sláinte ceirde nua a bhunú chun béim bhreise a leagan ar an réimse tábhachtach sin. Ar cheann de na príomhrudaí a foghlaimíodh mar gheall ar COVID-19, tá an tábhacht a bhaineann le cumarsáid agus plé fóna idir an fostóir agus an fostaí, agus is maith ann go leagtar béim air sin sa straitéis mar a gcuirtear ról an Ionadaí Sábháilteachta chun cinn.

Agus an tAontas Eorpach ag cur a Straitéis Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí uailmhianach i bhfeidhm, beidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta ar thús cadhnaíochta le hionchur na hÉireann trína ról mar an t-údarás náisiúnta inniúil chomh maith lena bhallraíocht i gcoistí tábhachtacha i gCoimisiún an Aontais Eorpaigh agus sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán. Tá an ceanglas go ndéanfaí faireachas margaidh ar tháirgí tionsclaíocha agus ceimiceáin a thagann isteach ar mhargadh na hÉireann níos tábhachtaí anois ná riamh toisc gur fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach, agus is mór agam a fheiceáil go dtarraingítear aird ar an ról sin sa straitéis seo.

I gcaitheamh na Straitéise roimhe seo, ó 2019 go 2021, tá an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus a fhoireann tar éis cur go mór leis na freagraí náisiúnta ar phaindéim COVID-19 agus ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Aithníonn an Rialtas tábhacht ról an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar fud a shainorduithe ar fad agus táim ag súil le hoibriú leis an Údarás chun tacú leis agus a chur ar a chumas a fhís de shaolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a bhaint amach i gcaitheamh na straitéise seo.

Damien English TD
An tAire Stáit Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

02

An Réamhrá



Tá áthas orainn Ráiteas Straitéise 2022–2024 de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta a chur i láthair. Is é seo an séú ráiteas straitéise a d'ullmhaigh an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.

Cuirfear an straitéis seo i bhfeidhm in Éirinn atá ag teacht chuici féin ó phaindéim COVID-19 agus an tionchar gan choinne a bhí aici ar an tsochaí, ar ionaid oibre agus ar chúrsaí fostaíochta. Beidh athruithe ar chleachtais oibre, teicneolaíocht agus nuálaíocht sna blianta beaga amach romhainn agus níos fadtéarmaí freisin, anuas ar an éiginnteacht leanúnach a eascraíonn as imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach.

Léiríonn anailís ar na spriocanna agus na Príomhtháscairí Feidhmíochta a leagadh amach le haghaidh straitéis 2019–2021 fianaise láidir gur baineadh amach na spriocanna foriomlána faoi gach príomhthosaíocht straitéiseach. Ach tá dúshlán a saináithníodh i straitéis 2019–2021 fós le brath, lena n-áirítear sábháilteacht i dtalmhaíocht agus foirgníocht, agus rioscaí sláinte ceirde fadtéarmacha ar nós strus a bhaineann leis an obair. Tá dúshlán nua ann freisin, lena n-áirítear tionchar na paindéime a chuir dlús faoin aistriú chuig cianoibriú/oibriú hibrideach, fás leanúnach an 'gheilleagair poistíneachta', riachtanais áirithe oibríthe leochaileacha agus grúpaí imirceach, agus tionchar cúrsaí síceasóisialta san ionad oibre.

Agus é i mbun an straitéis seo a chur i bhfeidhm, déanfaidh an tÚdarás iarracht dul i ngleic le gach deis agus dúshlán agus torthaí inbhraite a bhaint amach i sábháilteacht agus sláinte ceirde, creidiúnú, ceimiceáin agus faireachas margaidh. Cruthófar geilleagar agus lucht saothair rathúil agus táirgiúil trí thiomantas do shaoilta oibre níos sábháilte agus níos sláintiúla do chách.

Mar rialálaí, tugann an tÚdarás faoi mhonatóireacht, cigireacht agus forfheidhmiú, agus bíonn sé i mbun cur chun cinn, comhairle, spreagadh, tacaíocht agus oideachais freisin. Leanfaimid orainn ag tairiscint raon uirlisí agus tacaíochtaí d'fhiontair, fostóirí agus fostaithe chun a chur ar a gcumas a n-oibleagáidí reachtúla a chomhlíonadh le haghaidh na n-earraí a dhéanann agus/nó a iompórtáilann siad, chomh maith lena chinntiú go gcoinníonn siad iad féin agus a n-ionaid oibre sábháilte. Leanfaimid orainn ag déanamh cigireacht ar na frontair sin in earnálacha ardriosca agus áit a bhfuil fianaise ar neamhchomhlíonadh. Nuair is gá, tabharfar faoin ngníomh forfheidhmithe cuí. Cuirfear i bhfeidhm córas téagartha le haghaidh tuairisciú, bailiú sonraí agus anailise chun iad siúd nach bhfuil comhlíontach a shaináithint agus chun díriú orthu.



Díreofar go sonrach ar chomhghuaillíocht agus líonraí láidre a fhorbairt le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh

Bíonn an chomhpháirtíocht ar thús cadhnaíochta i gcónaí sa chaoi a gcuirimid an comhlíonadh chun cinn, bíodh sin trí choistí comhairleacha, cláir oibre chomhaontaithe nó soláthar treorach agus comhairle. Mar Bhord trípháirteach, a bhfuil ionadaithe ó pháirtithe leasmhara fostaithe agus fostóirí ina gcomhaltaí dó, aithnímid tábhacht na rannpháirtíochta fiúntaí agus comhoibríche chun an sprioc a bhaineann le hionaid oibre shábháilte agus shláintiúla do chách a bhaint amach. Creidimid go bhfuil rannpháirtíocht idir fostaithe agus fostóirí tábhachtach freisin chun an sprioc sin a bhaint amach i ngach ionad oibre, agus spreagaimid úsáid sársaí ar nós shamhail an ionadaí sábháilteachta chun tacú leis sin. Leanfaimid orainn ag baint leas as an dea-thoil agus rannpháirtíocht sin chun a chur ar chumas na gcomhlachtaí nó na bpáirtithe leasmhara ábhartha cultúr iompair dhearfaigh a spreagadh de réir ceanglais rialála sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh.

Díreofar go sonrach ar chomhghuaillíocht agus líonraí láidre a fhorbairt le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara idirnáisiúnta agus de chuid an Aontais Eorpaigh. Anuas air sin, cuirfimid ár gcaidreamh oibre fadbhunaithe le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann in oiriúint agus muid ag freagairt do na hathruithe a d'eascair as imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), cuirfimid an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe 2022–2026 i bhfeidhm agus fíoróimid an fhís go n-aithneofar creidiúnú mar ghné riachtanach chun iontaoibh agus muinín as frontar, trádáil agus seirbhísí poiblí na hÉireann a chinntiú.

Mar chomhlacht poiblí a fheidhmíonn agus a rialálann sainordú leathan agus ilghnéitheach, tá ról ar leith ag an Údarás sábháilteacht oibríthe, seirbhísí, tomhaltóirí agus táirgí a chinntiú sna hearnálacha príobháideacha agus poiblí, chomh maith leis an gcomhshaol. Gné riachtanach de chur i bhfeidhm ár straitéise is ea a chinntiú go léireofar an ról ar leith sin agus go gcuirfear in iúl é dár gcomhpháirtithe rialtais agus frontair chun an tairbhe is mó is féidir a bhaint as na buntáistí don tsochaí agus don gheilleagar ó chreidiúnú agus comhlíonadh rialála.

Táimid ag súil le hoibriú le daoine aonair, comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara chun ár bhfís de shaolta agus frontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a bhaint amach.

Tom Coughlan
an Cathaoirleach

Dr Sharon McGuinness
an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tom Coughlan



Dr. Sharon McGuinness

03

Eolas Fúinne agus Faoina nDéanaimid

Bunaíodh an tÚdarás faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 1989, ar tháinig an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 ina áit ó shin.

Bronnadh feidhmeanna breise ar an Údarás ina dhiaidh sin faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010, agus faoi reachtaíocht eile. In 2014, cuimsíodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) i bhfeidhmeanna an Údaráis.

Tuairiscíonn an tÚdarás don Aire Stáit do Ghnó, Fostaíocht agus Miondíol faoi údarás tarmiligthe ón Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Tugtar cuntas ar ról reachtaíochta an Údaráis sa tábla thíos.



	Sábháilteacht agus sláinte ceirde	Ceimiceán	Faireachas margaidh	Creidiúnú
An Phríomhreachtaíocht	An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005	Na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010	Treoracha ábhartha ón Aontas Eorpach maidir le sábháilteacht táirgí agus Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Faireachas Margaidh 2019/1020	Rialachán 765/2008 ón Aontas Eorpach An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005
Ról Reachtaíochta	Oibríthe agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíocht oibre orthu a chosaint ar ghortú agus tinneas ceirde	Sláinte dhaonna agus an comhshaol a chosaint Iomaíochas agus nuálaíocht a fheabhsú Saorghluaiseacht ceimiceán ar an margadh inmheánach a chinntiú	A chinntiú go gcomhlíonann táirgí ceanglais chomhchuibhithe an Aontais Eorpaigh chun oibríthe agus tomhaltóirí a chosaint ar earraí agus ar tháirgí contúirteacha	Eagraíochtaí a chreidiúnú go caighdeáin idirnáisiúnta le haghaidh inniúlacht theicniúil i dtástáil, calabrú, cigireacht, fíorú agus deimhniúchán

Comhthéacs agus Treo na Straitéise

Forbraíodh straitéis an Údaráis don tréimhse 2022–2024 i gcomhthéacs cúinsí seachtracha atá ag athrú go tapa, agus a bhfuil tionchar faoi leith ag paindéim COVID-19 orthu. Tugtar achoimre thíos ar fhorbairtí tábhachtacha eile in Éirinn agus ar fud an Aontais Eorpaigh atá ag imirt tionchar ar an straitéis ar bhealaí difriúla.

Tá an éiginnteacht leanúnach faoi na hiarmhairtí deiridh a bheidh ag imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach ar fhiontair na hÉireann chun dúshlán a chruthú don Údarás sna blianta amach romhainn, go háirithe maidir leis an éileamh méadaithe ar chreidiúnú agus an gá méadaithe le faireachas margaidh ar tháirgí a thagann ón mBreatain Mhór. Beidh impleachtaí ag aon difríocht idir caighdeáin na Ríochta Aontaithe agus caighdeáin an Aontais Eorpaigh a thiocfaidh chun cinn ar obair an Údaráis freisin maidir le faireachas margaidh agus rialáil ceimiceán.

Beidh tionchar ar úsáid spriocdhírthe acmhainní an Údaráis ag athruithe a bhfuiltear ag súil leo i struchtúr an gheilleagair ar leibhéal eanála, lena n-áirítear sna hearnálacha foirgníochta agus talmhaíochta. Baineann cúinse tábhachtach seachtrach eile le déimeagrafach lucht oibre na hÉireann atá ag athrú, lena n-áirítear lucht oibre atá ag dul in aois, chomh maith le líon na n-oibríthe leochaileacha agus oibríthe imirceacha atá ag dul i méid.

Is dócha go mbeidh COVID-19 linn i gcónaí agus dá bharr sin go mbeidh sé ina cheist náisiúnta fós ag a mbeidh impleachtaí níos fadtéarmaí seans maidir le haghaidh a thabhairt ar chúinsí sláinte poiblí san ionad oibre, chomh maith le cosc agus rialú galar tógálach níos ginearálta. Beidh sé sin ábhartha go háirithe le haghaidh eanála ar nós cúram sláinte ina mbeidh gá fós le bearta sláinte poiblí agus bearta sábháilteachta agus sláinte ceirde.

Bhí tionchar níos leithne ag an bpaindéim ar dhúlús a chur faoin athrú i dtreo socrúithe cianoibre/oibre hibridí agus beidh sé sin ina ábhar machnaimh tábhachtach le haghaidh na straitéise seo freisin. Áireofar leis freisin tionchar sláinte na hoibre neamhghníomhaí, na himpleachtaí ar an gcaoi a dtugann an tÚdarás faoi chigireachtaí san áireamh, mar go bhféadfadh fostóirí agus fostaithe soiléiriú a lorg ar a ról faoi na socrúithe nua sin.

Chonaiceamar i rith na paindéime an tábhacht a bhíonn le dea-chumarsáid idir fostaithe agus fostóirí. Agus muid ag teacht amach as an bpaindéim, beidh cumarsáid láidir agus úsáid sásraí ar nós shamhail an ionadaí sábháilteachta tábhachtach chun an sprioc a bhaineann le hionaid oibre shábháilte agus shláintiúla do chách a bhaint amach.


Éileoidh an bhéim bhreise ar shláinte ceirde, guaiseacha síceasóisialta agus eirgeanamaíochta ina measc, machnamh breise go háirithe i bhfianaise chur chun cinn na socrúithe cianoibre agus oibre solúbtha ar fud gach eanála.

Bíonn raon leathan tionchar fós ag dul chun cinn i gcúrsaí teicneolaíochta agus nuálaíochta. Éileoidh sé sin ar an Údarás fanacht sofhreagrúil agus é ag freagairt d'fhorbairtí gaolmhara i gcaitheamh na straitéise seo. Áirítear le samplaí den dul chun cinn sin a mbeidh impleachtaí aige don tsábháilteacht agus sláinte ceirde an Intleacht Shaorga; an t-aistriú chuig an ngeilleagar glas i dtéarmaí baol nua ó fheirmeacha gaoithe agus feirmeacha grianphainéal breise; agus na cúinsí sábháilteachta a eascróidh as breoslaí nua ar nós hidrigine agus bithmheatáin a úsáid.

Tá fás leanúnach an 'gheilleagair poistíneachta' ina chúinse tábhachtach i ngach eanáil, go háirithe sna hearnálacha lóistíochta agus miondíola. Áirítear leis na dúshlán bhreise an gá atá le haghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí a eascraíonn as an gcód cleachtas nua maidir le stádas fostaíochta, chun fostóirí agus maoir ag a bhfuil dualgas san ionad oibre a shainaithint, agus chun idirdhealú a dhéanamh idir oibríthe féinfhostaithe agus oibríthe ar fochonradh.

I rith na straitéise seo, beidh orainn roinnt straitéisí agus tionscnaimh Rialtais a chomhlíonadh freisin, mar a leagtar amach thíos. Comhlíonfaimid ár gcuspóirí le haghaidh Úsáid Shábháilte ar Bhóithre a Bhaineann leis an Obair faoi Straitéis um Shábháilteacht ar Bhóithre 2021–2030 ón Rialtas.

Tá fás leanúnach an 'gheilleagair poistíneachta' ina chúinse tábhachtach i ngach earnáil, go háirithe sna hearnálacha lóistíochta agus miondíola



Bunaítear in Alt 42 den Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014 dualgas dearfach ar chomhlachtaí poiblí aird a thabhairt ar an ngá atá ann an t-idirdhealú a dhíchur, comhionannas deiseanna agus córa dá bhfoireann agus do na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chur chun cinn, agus cearta an duine atá ag a bhfoireann agus na daoine dá soláthraíonn siad seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear freisin go ndéanfaí “measúnú ar na ceisteanna um chearta an duine agus um an gcomhionannas a chreideann sé atá ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta, agus na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bheartaítear a chur i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna sin”. Ní mór don mheasúnú sin a bheith inrochtana don phobal. Tá Dualgas na hEarnála Poiblí sin ag teacht le sainordú agus croíluachanna an Údaráis.

Leanfaidh an tÚdarás air ag leagan béim ar chomhionannas agus cearta an duine, agus á gcur chun cinn, trínár gcuid oibre laethúla, bíodh sin i bpríomhsheirbhís poiblí a chur ar fáil, beartas agus reachtaíocht a fhorbairt ar bhealach ionchuimsitheach a chomhlíonann cearta an duine, nó ár gcuid oibre a dhéanamh ar bhealach éifeachtach agus cóir ina léirítear ionracas agus meas ar dhínit an duine. Cinnteoidimid freisin trínár gcroíluachanna go leagtar béim ar na dualgais sin dár bhfoireann. Chomh maith leis sin, féachfaimid leis an spríoc a shárú go mbeadh 6% ar a laghad d'fhoireann an Údaráis ina ndaoine atá faoi mhíchumas, a thagann leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas ón Rialtas.

Tá an tÚdarás tiomanta freisin d'aillíniú le beartais lárnacha na hearnála poiblí i gcoitinne. Ag tógáil ar 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020', tá Rialtas na hÉireann ag cur tús le 'Ár Seirbhís Phoiblí 2030' faoi láthair, an creat nua le haghaidh forbartha agus nuálaíochta i seirbhís poiblí na hÉireann. Is é an phríomhspríoc a bheidh ag 'Ár Seirbhís Phoiblí 2030' a chinntiú go bhfuil seirbhís poiblí na hÉireann oiriúnach dá cuspóir go 2030 agus níos faide anonn.



Bhí tionchar níos leithne ag an bpaindéim ar dhlús a chur faoin athrú i dtreo socruithe cianoibre/oibre hibridí agus beidh sé sin ina ábhar machnaimh tábhachtach le haghaidh na straitéise seo freisin

Fís, Misean, Sainordú agus Luachanna

Fís

Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla.

Misean

Rialálaimid agus cuirimid chun cinn sábháilteacht, sláinte agus leas a bhaineann leis an obair agus úsáid shábháilte ceimiceán agus táirgí. Soláthraimid an tseirbhís náisiúnta creidiúnaithe.

Sainordú

- Sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu a rialáil.
- Feabhsúchán a chur chun cinn i sábháilteacht, sláinte agus leas daoine ag an obair agus iad siúd a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí oibre orthu.
- Déantúsaíocht, úsáid, cur ar an margadh, trádáil agus iompar sábháilte ceimiceán a rialáil agus a chur chun cinn.
- Feidhmiú mar údarás faireachais maidir le reachtaíocht ábhartha an mhargaidh Eorpaigh aonair.
- Feidhmiú mar an comhlacht náisiúnta creidiúnaithe le haghaidh na hÉireann.



Go fadtéarmach, teastaíonn uainn saol oibre sábháilte agus sláintiúil a bhaint amach do mhuintir na hÉireann agus timpeallacht a chothú ina mbíonn gnóthaí in ann fás agus forbairt

Luachanna

Ár gCroí-Luachanna:

- **Comhoibriú**

Éistimid, téimid i gcomhairle agus comhoibrímid le fostaithe, fostóirí, páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe.

- **Oscailteacht**

Fáiltímid roimh dhearcthaí éagsúla agus muid ag déanamh ár ndíchill a bheith ionchuimsitheach i ngach a ndéanaimid. Spreagaimid cumarsáid oscailte agus ionraic.

- **Freagrúlacht**

Téimid in oiriúint do chúinsí a bhíonn ag athrú agus spreagaimid feabhsúchán leanúnach trí nuálaíocht. Bainimid úsáid as sonraí le heolas a dhéanamh don mhéid a dhéanaimid, agus déanaimid an méid a fhoghlaimímid a mheasúnú agus a roinnt.

- **Eitic**


Seasaimid leis na caighdeáin ghairmiúla, rialachais agus eitice is airde. Gnóthóimid iontaoibh trí bheith cuntasach agus ár seirbhísí a sholáthar ar bhealach cóir, neamhspleách agus trédhearcach.

06

Tosaíochtaí Straitéiseacha, Spriocanna agus Torthaí a bhfuil Súil leo

Tosaíochtaí Straitéiseacha

RIALÁIL:	Méadóimid an bhéim ar chomhlíonadh trí reachtaíocht, cigireacht, faireachas agus forfheidhmiú bunaithe ar riosca.
CUR CHUN CINN:	Cuirfimid tacaíocht, oideachas agus níos mó feasachta ar fáil chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc.
TIONCHAR:	Tabharfaimid faoi chomhpháirtíochtaí agus comhoibriú chun ár sainorduithe a chur i gcrích agus ár bhfís a bhaint amach.
CREIDIÚNÚ:	Cuirfimid an Straitéis Náisiúnta Creidiúnaithe i gcrích.
AN CHAOI A NOIBRÍMID:	Feabhsóimid agus athróimid ó bhonn go leanúnach an chaoi a n-oibrímid trí dhaoine, próisis, teicneolaíocht agus nuálaíocht.



Leagtar amach sna leathanaigh a leanas spriocanna an Údaráis de réir tosaíocht straitéiseach, agus léirítear freisin spriocanna sonracha ar fud ár sainordaithe.

Rialáil

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- comhairle a chur ar fáil, agus, de réir mar is gá, tograí rialála agus beartais a chur faoi bhráid an Aire,
- cur chuige bunaithe ar riosca a chur i bhfeidhm i leith díriú ar earnálacha, guaiseacha agus rioscaí, agus
- gníomh forfheidhmithe comhréireach a thógáil.

Laistigh dár sainordú sábháilteachta agus sláinte ceirde, déanfaimid an méid seo a leanas:

- béim a mhéadú ar rialacháin agus cigireachtaí ar chomhlíonadh guaiseacha agus rioscaí síceasóisialta agus sláinte ceirde,
- an clár cigireachta a mhéadú agus a leathnú chun díriú ar earnálacha ina bhfuil baol níos airde go dtarlóidh timpistí agus bás,
- díriú ar ghníomhaíochtaí in earnálacha sa gheilleagar poistíneachta, oibrithe leochaileacha agus oibrithe imirceacha, agus
- an bhéim ar thuairisciú timpistí, eachtraí contúirteacha agus básuithe a mhéadú.

Laistigh dár sainordú ceimiceán, déanfaimid an méid seo a leanas:

- tabhairt faoi fheidhmeanna an phríomhúdaráis náisiúnta inniúil,
- ailíniú a chinntiú le tosaíochtaí na Straitéise Ceimiceán um an Inbhuanaitheacht ón Aontas Eorpach, *Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment*,
- leanúint orainn ag freagairt don tionchar náisiúnta agus Eorpach a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach, agus
- a chinntiú go gcomhlíonann maoir ag a bhfuil dualgas ceanglais rialála idirnáisiúnta, Eorpacha agus náisiúnta.

Laistigh dár sainordú faireachais margaidh, déanfaimid an méid seo a leanas:

- a chinntiú go gcomhlíonann táirgí ábhartha tionsclaíocha agus ceimiceacha reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais,
- feidmiú mar an príomhúdarás náisiúnta inniúil le haghaidh ceimiceán agus táirgí tionsclaíocha ábhartha,
- ceanglais faireachais margaidh na dtáirgí a dhíoltar ar mhargadh na hÉireann a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear na táirgí sin a dhíoltar le tomhaltóirí, agus
- leanúint ag freagairt don tionchar náisiúnta agus Eorpach a bhaineann le himeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Cur Chun Cinn

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- leanúint orainn ag méadú infheictheacht uirlisí ar líne, acmhainní agus sheirbhísí an Údaráis agus a n-úsáid a spreagadh, agus
- acmhainní foghlama a chur ar fáil don chóras oideachais foirmiúil agus don ionad oibre.

Laistigh dár sainordú sábháilteachta agus sláinte ceirde, déanfaimid an méid seo a leanas:

- tús áite a thabhairt do gach gné de ról na nIonadaithe Sábháilteachta agus iad a chur chun cinn, agus an soláthar tacaíochtaí agus comhairle a bhíonn riachtanach a mhéadú,
- níos mó treorach agus comhairle a thabhairt faoi ghuaiseacha agus rioscaí síceasóisialta agus sláinte ceirde,
- níos mó tacaíochtaí a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide, ina measc aird a tharraingt ar an gcás gnó le haghaidh deachleachtas sláinte agus sábháilteachta,
- an leibhéal rannpháirtíochta le fostaithe sa gheilleagar poistíneachta a dhoimhniú, comh maith le hoibríthe imirceacha agus oibríthe leochaileacha,
- treoir agus uirlisí a chur ar fáil chun tacú le fostóirí agus fostaithe cleachtais chianoibre agus oibre solúbtha a chur i bhfeidhm, agus
- tabhairt faoi fheachtais agus tionscnaimh ar mhaithe le feachtas a mhéadú, chun tuiscint níos fearr ar rioscaí san ionad oibre a chur chun cinn, rioscaí sláinte atá ag teacht chun cinn agus a thiocfaidh chun cinn tar éis tréimhse fhada go háirithe.

Laistigh dár sainordú ceimiceán, déanfaimid an méid seo a leanas:

- leanúint orainn ag soláthar feachtais agus tionscnaimh chun feachtas a ardú le haghaidh ionaid oibre agus tomhaltóirí chun aghaidh a thabhairt ar an gcontúirt a bhaineann le ceimiceáin ghuaiseacha,
- plé le frontair agus le heagraíochtaí ionadaíochta faoi tháirgí malartacha níos sábháilte a úsáid in áit ceimiceáin ghuaiseacha, agus
- comhairle, tacaíocht agus treoir a thabhairt do ghnóthaí chun a chur ar a gcumas rialacháin nua ón Aontas Eorpach agus rialacháin nua idirnáisiúnta a chomhlíonadh.

Laistigh dár sainordú faireachais margaidh, déanfaimid an méid seo a leanas:

- eolas a thabhairt dóibh siúd a chuireann táirgí ceimiceacha agus tionsclaíochta ar an margadh faoina ndualgais agus an tacaíocht agus an chomhairle chuí a chur ar fáil, agus
- oideachas a chur ar fhostóirí, fostaithe agus tomhaltóirí faoin gcaoi le táirgí sábháilte a aithint lena n-úsáid san ionad oibre agus sa bhaile.

Tionchar

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- tabhairt faoi chomhoibriú agus comhpháirtíochtaí le páirtithe leasmhara agus comhlachtaí rialála chun ár sainordú a chur i gcrích agus ár bhfís a bhaint amach, agus
- páirt a ghlacadh go gníomhach agus go fiúntach i ngrúpaí san Aontas Eorpach agus i ngrúpaí idirnáisiúnta chun beartais náisiúnta agus beartais an Údaráis a chur chun cinn.

Laistigh dár sainordú sábháilteachta agus sláinte ceirde, déanfaimid an méid seo a leanas:

- tuairisciú agus taifeadadh níos fearr ar thinneas agus drochshláinte ceirde a spreagadh, agus sásraí a fhorbairt tuilleadh chun a chinntiú go gcomhroinntear sonraí,
- ról lárnach a imirt i gclár oibre an Aontais Eorpaigh a shocrú agus a chur i gcrích i gcúrsaí sábháilteachta agus sláinte ceirde,
- plé go réamhghníomhach le daoine féinfhostaithe agus le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide chun na caighdeáin chomhlíonta a mhéadú, agus
- plé le fostóirí ar mhaithe le hoibrithe leochaileacha agus imirceacha agus chun dea-chleachtas sláinte agus sábháilteachta a chinntiú.



Laistigh dár sainordú ceimiceán, déanfaimid an méid seo a leanas:

- tacú le forbairt an bheartais nua Eorpaigh maidir le ceimiceán, lena n-áirítear an Comhaontú Glas don Eoraip agus an Straitéis Ceimiceán ón Aontas Eorpach,
- plé go réamhghníomhach leis an athshainiú beartaithe ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le Ceimiceán faoin Straitéis nua Ceimiceán ón Aontas Eorpach, agus
- ról lárnach a imirt i gcoistí agus i meithleacha ábhartha i gCoimisiún an Aontais Eorpaigh agus sa Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA).

Laistigh dár sainordú faireachais margaidh, déanfaimid an méid seo a leanas:

- plé le comhlachtaí faireachais margaidh náisiúnta agus Eorpacha maidir le forbairtí reachtaíochta agus eile.

Laistigh dár sainordú ceimiceán, beimid ag plé go réamhghníomhach leis an athshainiú beartaithe ar Rialacháin an Aontais Eorpaigh maidir le Ceimiceán faoin Straitéis nua Ceimiceán ón Aontas Eorpach

Creidiúnú

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- eolas a dhéanamh don bheartas náisiúnta agus tionchar a imirt air chun creidiúnú a chuimsiú i gcinnteoireacht beartais,
- feachtas agus rannpháirtíocht a chur chun cinn chun aitheantas agus tuiscint ar thairbhí an chreidiúnaithe a fheabhsú,
- an leas a bhaintear as creidiúnú agus a chur i bhfeidhm a fhás, agus
- struchtúr fónta, próisis éifeachtacha agus na hacmhainní riachtanacha a chur ar fáil do INAB chun bonn a chur faoin Straitéis Náisiúnta agus í a chur i bhfeidhm go héifeachtach.

An Chaoi a nOibrímid

Déanfaimid an méid seo a leanas:

- na scileanna agus na huirlisí riachtanacha a chur ar fáil dár bhfoireann agus tacú leo chun na réimsí méadaithe fócais a bhainistiú agus seirbhísí d'ardchaighdeán a sholáthar,
- ár samhail eagraíochta a oiriúnú chun aghaidh a thabhairt ar chianoibriú agus ar oibriú solúbtha,
- eagraíocht bunaithe ar fhianaise agus a spreagtar ag sonraí a fhorbairt, agus ár leithdháileadh acmhainní a dhírú bunaithe ar chuir chuige dea-chleachtais i leith taighde, anailíse agus meastóireachta, agus
- an teicneolaíocht a theastaíonn a thabhairt isteach chun éifeachtúlachtaí a fheabhsú agus chun an soláthar seirbhísí d'ardchaighdeán a mhéadú.

Torthaí Straitéiseacha

Chun a thaispeáint go bhfuil an tÚdarás ag comhlíonadh na dtosaíochtaí straitéiseacha foriomlána, sainithníodh na torthaí seo a leanas.

Tosaíochtaí Straitéiseacha	Torthaí a bhfuil Súil leo
Rialáil	<ul style="list-style-type: none">● Iad siúd a dteipeann orthu a ndualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht a fhorfheidhmíonn an tÚdarás á dtabhairt chun cuntais go héifeachtach.● Treocht anuas leanúnach i rátaí na mbásuithe, na ngortuithe agus na drochshláinte a bhaineann leis an obair.
Cur Chun Cinn	<ul style="list-style-type: none">● Fostóirí rannpháirteach go gníomhach i sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a bhainistiú.● Oibríthe rannpháirteach go gníomhach ina gcosaint féin agus i gcosaint a gcomhghleacaithe ag an obair.● Feasacht mhéadaithe ar an gcaoi leis na rioscaí don tsláinte a eascraíonn as ceimiceáin agus táirgí tionsclaíocha sonracha a sheachaint agus a bhainistiú.● Daoine agus eagraíochtaí rannpháirteach go gníomhach i gcláir, uirlisí agus seirbhísí an Údaráis, agus sásta leo.
Tionchar	<ul style="list-style-type: none">● Ionadaíocht ar leasanna náisiúnta i rith thograí agus thrasuí threoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh.● Rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí eile agus comhoibriú leo chun tacú le hobair an Údaráis, lena n-áirítear trí mheabhráin tuisceana agus comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse.
Creidiúnú	<ul style="list-style-type: none">● Feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí creidiúnaithe INAB, agus úsáid níos mó á mbaint astu, chun barr feabhais agus inbhuanaitheacht gnó a chur chun cinn, agus chun tacú le rialáil i réimsí riachtanacha.
An Chaoi a nOibrímid	<ul style="list-style-type: none">● An tÚdarás ina eagraíocht ardfheidhmíochta, a léirítear trí leibhéal arda de rannpháirtíocht agus spreagadh na foirne, an cumas oiriúnú don timpeallacht atá ag athrú, an leas is fearr is féidir á bhaint as acmhainní an stáit agus dea-chaidreamh le páirtithe leasmhara.

07

An Straitéis seo a Chur i bhFeidhm agus Feidhmíocht a Thomhas

Cláir Oibre

Cuirfidh an tÚdarás an straitéis seo i bhfeidhm trí chláir oibre bhliantúla a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, cláir oibre a chuirfear faoi bhráid an Aire lena bhfaomhadh. Sonrófar sna cláir sin na gníomhartha agus na príomhtháscairí feidhmíochta a thacóidh lenár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

Feidhmíocht a Thomhas

Déanfar monatóireacht ar an dul chun cinn ar na cláir oibre bhliantúla a chuireann an straitéis seo i bhfeidhm le raon tomhas idir cháilíochtúil agus chainníochtúil. Nuair a bheidh méadracht á socrú, díreoidh an tÚdarás ní hamháin ar ghníomhaíochtaí a thomhas ach féachfar freisin leis na torthaí straitéiseacha a bhfuil súil leo a thomhas.

Tá dualgas ar Bhord an Údaráis monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus ar fheidhmíocht na heagraíochta, agus iad a thomhas agus a chur chun cinn. Déanfaidh Bord an Údaráis agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta measúnú ar fheidhmíocht leanúnach bunaithe ar thuarascálacha ráithiúla agus bliantúla. Chomh maith leis sin, comhaontóidh an tÚdarás comhaontú maoirseachta agus soláthair feidhmíochta leis an Roinn, a fheidhmeoidh mar bhunús na dtuarascálacha tréimhsiúla ar dhul chun cinn a chuirfear faoi bhráid an Aire.



08

Aguisín 1 – Comhairliúchán Poiblí/Seachtrach

I rith phróiseas forbartha na straitéise, thug an tÚdarás faoi chlár forleathan aiseolais agus comhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara seachtracha. Ba mhaith leis an Údarás buíochas a ghabháil leo siúd ar fad a d'fhreagair an comhairliúchán poiblí ar ár ndréacht-straitéis.

Bhain an próiseas rannpháirtíochta foriomlán le páirtithe leasmhara leas as agallaimh, suirbhéanna agus gairm aighneachtaí ó raon leathan grúpaí inmheánacha san Údarás féin agus grúpaí páirtithe leasmhara seachtracha, ina measc comhlachtaí ionadaíochta fostóirí, fostaithe agus earnála, ranna agus gníomhaireachtaí rialtais, agus an pobal i gcoitinne, chomh maith le foireann an Údaráis.

Thug an próiseas comhairliúcháin le fios gur measadh go raibh an straitéis reatha dearfach ar an iomlán, chomh maith le chomh forleathan agus a bhí an comhoibriú a bhain léi. Creideadh gur bua atá sa chur chuige trípháirteach ina mbíonn fostóirí, fostaithe agus an rialtas. Ba cheard tús áite a thabhairt do láidreachtaí na straitéise reatha a chothú agus a fhorbairt. Léirigh páirtithe leasmhara a ndearcadh go ndearnadh dul chun cinn suntasach sna réimsí tosaíochta, d'ainneoin phaindéim COVID-19, agus go ndearna an straitéis reatha dul chun cinn i gcinntiú gur cosnaíodh oibríthe ar ghortuithe agus tinneas ceirde. Aontaíodh freisin go raibh na príomhthosaíochtaí a pléadh sa straitéis reatha fós ábhartha.

Shainaithin na páirtithe leasmhara raon gníomhaíochtaí a soláthraíodh agus a braitheadh a bhí tábhachtach. Ar an iomlán, ceapadh gur iomchuí béim an Údaráis ar réimsí ardriosca sonracha, ar nós foirgníochta, talmhaíochta, iompair agus cairéal, trí fheachtas forfheidhmithe agus feasachta. Creideadh freisin go raibh fiúntas ag baint le gníomhaíochtaí an Údaráis sna réimsí ceimiceán, oideachais agus ina sheirbhís creidiúnaithe (INAB).

Bhain an próiseas rannpháirtíochta foriomlán le páirtithe leasmhara leas as agallaimh, suirbhéanna agus gairm aighneachtaí ó raon leathan grúpaí inmheánacha san Údarás féin agus grúpaí páirtithe



Thug an próiseas comhairliúcháin le fios gur measadh go raibh an straitéis reatha dearfach ar an iomlán, chomh maith le chomh forleathan agus a bhí an comhoibriú a bhain léi.

Áiríodh le léargais eile ar an straitéis reatha:

- Cabhraíonn treoir agus comhairle nua dhírthe agus shonrach a fhorbairt chun coinneáil suas le topaicí riosca atá ag teacht chun cinn le fostóirí, fostaithe, daoine féinfhostaithe agus daoine eile tuiscint níos feara a fháil ar rioscaí coitianta agus iad a choinneáil faoi smacht. Creideann páirtithe leasmhara seachtracha go gcuireann an tÚdarás ar a gcumas comhairle shaineolach a lorg ar cheisteanna casta sábháilteachta agus sláinte ceirde.
- Measadh go raibh obair an Údaráis mar an tÚdarás Inniúil le haghaidh REACH agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP) tar éis cur le cosaint na sláinte daonna agus an chomhshaoil ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta. Rinneadh é sin trí sheiceáil ar comhlíonadh reachtaíocht ceimiceán chun bac a chur ar tháirgí contúirteacha dul ar an margadh, bearta feasachta a díriodh ar thomhaltóirí, agus eolas chun an baol a bhaineann le ceimiceáin éagsúla a thuiscint.
- Braitheadh go raibh fiúntas ag baint le cigireachtaí agus forfheidhmiú réamhghníomhach agus dírithe sna príomhearnálacha.
- Sainaithníodh obair INAB i seirbhís creidiúnaithe neamhspleách agus neamhchlaonta a sholáthar, chomh maith le comhairle shaineolach a sholáthar faoi chreidiúnú, mar ghné thábhachtach le haghaidh comhlíonadh agus caighdeáin rialála i ngnóthaí.
- Bhí feasacht a mhéadú trí chumarsáid tábhachtach. Áirítear leis sin ardáin chumarsáide a úsáid, ar nós seimineáir ghréasáin, podchraoltaí, físeán agus preaseisiúintí, go háirithe i réimse na rialála ceimiceán. Creidtear gur uirlis éifeachtach é suíomh gréasáin an Údaráis chun treoir agus eolas a scaipeadh faoi shábháilteacht agus sláinte ceirde. Creideann páirtithe leasmhara seachtracha go mbíonn tionscnaimh oideachais agus feasachta an Údaráis cabhrach chun timpistí, gortuithe agus drochshláinte a chosc.
- Braitheadh go raibh tairbhe le baint as rannpháirtíocht an Údaráis i bpríomh-mheithleacha, comhlachtaí tionscail agus cuideachtaí aonair trí chruinnithe, seimineáir, seimineáir ghréasáin, ceardlanna, cur i láthair ag comhdhálacha agus cigireachtaí.
- Braitheadh go raibh an tAonad Teagmhála leis an Ionad Oibre ina ionad teagmhála úsáideach d'fhostóirí, fostaithe agus don phobal féin, agus é ag plé le ceisteanna agus gearáin a bhain le sábháilteacht agus sláinte ceirde chomh maith le ceimiceáin agus faireachas margaidh.
- Mheas freagróirí go raibh cultúr eagraíochta solúbtha agus sofhreagrúil ag an Údarás a chuir ar a chumas freagairt go héifeachtach don phaindéim.
- Chreid na páirtithe leasmhara gur gníomhaíocht luachmhar a bhí i mbailiú sonraí agus foilsiú tuairiscí ar thimpistí marfacha. Measadh go raibh sonraí ar thimpistí tábhachtach chun eolas a sholáthar faoi chúrsaí sláinte agus sábháilteachta in earnálacha ar nós iompair, foirgníochta agus talmhaíochta.

Aguisín 2 – Athbhreithniú ar Straitéis 2019–2021

Cuireadh Ráiteas Straitéise an Údaráis le haghaidh 2019–2021 i bhfeidhm i rith tréimhse ina raibh fás láidir geilleagrach le brath ar dtús in 2019, ach ar lean athrú ollmhór é sin i rith 2020–21, de réir mar a bhí geilleagar agus sochaí na hÉireann ag streachailt le tionchar gan choinne phaindéim dhomhanda COVID-19.

Ba iad na torthaí a raibh súil leo ó Ráiteas Straitéise 2019–2021:

- Rátaí laghdaithe básuithe, gortuithe agus drochshláinte a bhaineann leis an obair.
- Fostóirí rannpháirteach go gníomhach i sábháilteacht, sláinte agus leas ceirde a bhainistiú.
- Oibríthe rannpháirteach go gníomhach ina gcosaint féin agus i gcosaint a gcomhghleacaithe ag an obair.
- Feasacht mhéadaithe i measc an phobail ar an gcaoi leis na rioscaí don tsláinte a eascraíonn as ceimiceáin agus táirgí ábhartha a sheachaint agus a bhainistiú.
- Feasacht mhéadaithe ar sheirbhísí creidiúnaithe INAB, agus úsáid níos mó á mbaint astu, chun barr feabhais agus inbhuanaitheacht gnó a chur chun cinn, agus chun tacú le rialáil i réimsí riachtanacha.
- Daoine agus eagraíochtaí rannpháirteach go gníomhach i gcláir, uirlisí agus seirbhísí an Údaráis, agus sásta leo.
- Ionadaíocht ar leasanna náisiúnta i rith thograí agus thrasaí threoracha agus rialacháin an Aontais Eorpaigh.
- An tÚdarás ina eagraíocht ardfheidhmíochta, a léirítear trí leibhéal arda de rannpháirtíocht agus spreagadh na foirne, an cumas oiriúnú don timpeallacht atá ag athrú, an leas is fearr is féidir á bhaint as acmhainní an stáit agus dea-chaidreamh le páirtithe leasmhara.
- Rannpháirtíocht ghníomhach eagraíochtaí eile chun tacú le hobair an Údaráis trí mheabhráin tuisceana agus comhaontuithe ar leibhéal seirbhíse.
- Iad siúd a dteipeann orthu a ndualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht a fhorfheidhmíonn an tÚdarás á dtabhairt chun cuntais go héifeachtach.

Leagtar amach sonraí faoi chomhlíonadh na dtorthaí sin idir 2019 agus 2021 ar na leathanaigh seo a leanas.

Príomhtháscairí Feidhmíochta a Chomhlíonadh

Léiríonn anailís ar na Príomhtháscairí Feidhmíochta a leagadh amach le haghaidh na gClár Oibre in 2019 agus in 2020 fianaise láidir gur baineadh amach na spriocanna foriomlána faoi gach príomhthosaíocht straitéiseach a leagadh amach i Ráiteas Straitéise 2019–2021. Ní raibh anailís le haghaidh 2021 ar fáil tráth ar cuireadh an straitéis seo i gcrích, ach meastar go gcomhlíonfar gach méadracht freisin. Lean an tÚdarás air ag comhlíonadh a spriocanna ainneoin na ngníomhaíochtaí breise suntasacha a cuireadh faoina chúram chun tacú leis an bhfreagairt náisiúnta do phaindéim COVID-19 in 2020 agus in 2021. Leagtar amach anailís bhreise ar na héachtaí faoi na torthaí straitéiseacha anseo thíos.

Bás agus gortú a laghdú

Chonaic an tÚdarás laghdú leanúnach ar thimpistí nach raibh marfach agus a bhain leis an obair i rith 2019 agus 2020 (ní raibh sonraí 2021 ar fáil fós agus an straitéis seo á cur i gcrích). Tuairiscíodh 7,417 timpiste san ionad oibre nár maraíodh aon duine iontu in 2020, síos ó 9,358 in 2019 agus 9,199 in 2018. Is féidir figiúr 2020 a chur i gcomparáid leis an meán idir 2017 agus 2019, nó beagnach 9,200 in aghaidh na bliana. Cé gur ábhar misnigh iad na laghduithe sin, tá líon na ngortuithe fós ró-ard, agus is eol dúinn go bhfuil fiordhaoine i gceist leis na figiúirí sin, daoine a d'fhulaing gortú nó tinneas ag an ionad oibre, ar bhain cailteanas pearsanta agus airgeadais leis dóibh féin agus/nó dá dteaghlach, agus cailteanas geilleagrach dá bhfostóirí agus don stát.

Caithear a lua freisin go ndéantar tearc-thuairisciú shuntasach uaireanta ar thimpistí nach bhfuil marfach, agus gur liú an seans go dtuairisceoidh frontair níos lú agus daoine féinhostaithe, go háirithe, timpistí i gcomparáid le frontair níos mó, agus go bhféadfadh nach mbeadh frontair níos nuaí ar an eolas faoin oibleagáid atá ann thimpistí nach raibh marfach agus a bhain leis an obair a thuairisciú don Údarás.



Lean an tÚdarás air ag cur acmhainní suntasacha ar fáil chun comhoibriú le hoibrithe agus a bhfostóirí, ar bhonn duine ar dhuine agus trí na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu.

Básuithe ceirde

Bhí laghdú seasta ag teacht ar líon na mbásuithe ceirde go dtí an leibhéal is ísle a taifeadh ó bunaíodh an tÚdarás, ach le blianta beaga anuas mhéadaigh sé ó 39 in 2018 go 47 in 2019, agus go 53 in 2020. Nuair a thomhaistear iad i dtéarmaí líon na n-oibrithe, mhéadaigh básuithe 1.5 in aghaidh 100,000 oibrí in 2018 go 1.8 agus 1.7 in aghaidh 100,000 oibrí in 2019 agus in 2020, faoi seach. Cé go bhféadfadh sé sin níos mó gníomhaíochta san earnáil foirgníochta a léiriú, sonraímid go bhfuil go leor cúiseanna ar leith ag baint leis na básuithe tragóideacha sin agus go bhféadfadh nach léireodh na torthaí bliantúla treochtaí níos leithne. Tá líon na mbásuithe fós i bhfad ró-aird sa talmhaíocht, le 19.5 agus 17.5 bás in aghaidh 100,000 oibrí in 2019, agus in 2020, faoi seach.

Gortuithe agus tinneas ceirde

Is í an Phríomh-Oifig Staidrimh an fhoinsé is iontaofa le haghaidh sonraí faoi ghortuithe agus tinneas ceirde nach bhfuil marfach. Ach ní bhaineann na sonraí is deireanaí ach leis an gcéad bhliain de straitéis 2019–21. Laghdaigh gortuithe nó tinneas ceirde a chaithfear a thuairisciú ó 21.5 in aghaidh 1,000 oibrí in 2014 go 14.0 in aghaidh 1,000 oibrí in 2019 – laghdú 35%. Bhí an ráta níos airde fós sa bhliain díreach roimh an straitéis (2018), ag 26.3 in aghaidh 1,000 oibrí (cé go raibh athruithe ar na sonraí ó bhliain go bliain).

Rannpháirtíocht le fostóirí, fostaithe agus úsáideoirí sheirbhísí an Údaráis

Lean an tÚdarás air ag cur acmhainní suntasacha ar fáil chun comhoibriú le hoibrithe agus a bhfostóirí, ar bhonn duine ar dhuine agus trí na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht orthu.

Leanadh lenár leibhéal arda idirghníomhaíochta le príomh-mheithleacha ar nós an Choiste Chomhairligh um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta (CSPAC) agus an Choiste Chomhairligh um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta (FSPAC), anuas ar chomhoibriú le hearnálacha eile ar nós cúram sláinte agus nuair a bhítear ag tabhairt aghaidh ar shábháilteacht feithiclí a bhaineann leis an obair agus guaiseacha sonracha eile.

Óstáladh imeachtaí móra, comhdhálacha agus seimineáir, faoi thopaicí ilghnéitheacha ar nós tiomáint a bhaineann leis an obair, sábháilteacht ceimiceán, eirgeanamaíochta, ionadaithe sábháilteachta agus sábháilteacht cairéal, chomh maith le tacú leis an rialtas chun gnóthaí a ullmhú don Bhreitheacht.

Sa talmhaíocht, mar shampla, thug Baile Sábháilteachta Feirme an Údaráis ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta deis dúinn plé go díreach le feirmeoirí agus conraitheoirí talmhaíochta faoi ghníomhaíochtaí a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta. Trí Ghrúpaí Aistrithe Eolais, lean an tÚdarás air ag plé le fostóirí agus fostaithe atá páirteach sa talmhaíocht, a chuir ar chumas ár gcigirí plé le feirmeoirí ar an suíomh, á soláthar leis an eolas chun sláinte agus sábháilteacht a bhainistiú ar a bhfeirmeacha.

Bhain fostóirí, fostaithe agus frontair leas as an gcomhairle agus tacaíocht éagsúil atá ar fáil ar ár suíomh gréasáin, a fuair 2.8 milliún cuairt ar leith in 2019 agus 3.2 milliún cuairt ar leith in 2020. Íoslódáladh foilseacháin 660,000 agus 1.2 milliún uair ó shuíomh gréasáin an Údaráis in 2019 agus in 2020, faoi seach.

D'fhreagair an tAonad Teagmhála leis an Ionad Oibre de chuid an Údaráis thart ar 52,000 teagmháil isteach ó mhí Eanáir 2019 go deireadh mhí an Mhárta 2021, ag plé le ceisteanna agus gearáin ón bpobal agus ó lucht úsáidte na seirbhíse.

Foilsíodh 15 fhoilseachán in 2019, idir Chóid Chleachtais, Threoracha agus Bhileoga Eolais, agus 13 fhoilseachán in 2020, a chuimsigh topaicí ar nós cairéalú, tumadóireacht intíre agus amach ón gcósta, ceimiceán agus neart eile.

Ar cheann de thorthaí inmhianta na straitéise bhí spreagadh agus tacaíocht a thabhairt d'fhostóirí a bhí rannpháirteach go gníomhach i sláinte, sábháilteacht agus leas ceirde a bhainistiú, agus chuir ár n-uirlisí ar líne atá éasca le húsáid leis an toradh sin a bhaint amach.

- Rinneadh tuilleadh forbartha ar an uirlis ar líne BeSMART.ie le haghaidh measúnú riosca agus bainistíocht sábháilteachta, a chuir ar chumas frontar a bhfreagrachtaí sláinte agus sábháilteachta a bhainistiú agus a chomhlíonadh. Faoi dheireadh mhí an Mhárta 2021, bhí 80,600 úsáideoir cláraithe le BeSMART.ie, méadú ar 56,300 in 2018.
- Mhéadaigh líon na n-úsáideoirí ar farmsafely.com ó 10,600 in 2018 go 13,700 faoi dheireadh mhí an Mhárta 2021.
- Mhéadaigh líon na bhfoghlaimoirí a rinne cúrsaí trínár n-ardán ríomhfhoghlama (hslearning.ie) ó 23,264 in 2018 go 52,644 in 2020.
- Cuireadh chun cinn an uirlis iniúchta struis ar líne Work Positive, agus bhí 35 úsáideoir nua aige in 2019 agus 12 in 2020. Cuireann an uirlis ar chumas úsáideoirí ceanglais mheasúnaithe an Údaráis a chomhlíonadh le haghaidh guaiseacha síceasóisialta, lena n-áirítear na ceanglais le haghaidh strus a bhaineann leis an obair.

Forbraíodh agus seoladh raon feachtais ardphróifíle chun feasacht a mhéadú i réimsí éagsúla, lena n-áirítear feachtais a bhí dírithe ar shábháilteacht sna hearnálacha talmhaíochta agus foirgníochta. Tugadh freisin faoi fheachtais trasearnála ar fheithiclí ag an obair, ullmhú don Bhreathimeacht agus COVID-19. Bhain siad sin leas as raon cineálacha meán, ar nós na teilifíse, an raidió agus na meán clóite, chomh maith le seimineáir ghréasáin dhigiteacha agus ardáin mheán sóisialta ar nós Twitter agus Facebook.



Anuas ar leibhéal ard rannpháirtíochta le comhairle agus uirlisí an Údaráis agus a n-úsáid a chur chun cinn, cinntítear comhlíonadh trí chigireachtaí agus imscrúduithe freisin. Tagann sé sin le ceann de torthaí straitéiseacha na straitéise, is é sin “Iad siúd a dteipeann orthu a ndualgas a chomhlíonadh faoi reachtaíocht a fhorfheidhmíonn an tÚdarás á dtabhairt chun cuntais go héifeachtach”. Tá baint amach an toraidh sin le feiceáil sa chaoi ar tugadh faoi 10,300 cigireacht agus imscrúdú ar an ionad oibre ar an meán in aghaidh na bliana in 2019 agus 2020, agus gur fhan sé sin mórán mar an gcéanna fiú i rith phaindeim COVID-19.

Chomh maith leis sin, thug an tÚdarás freisin faoi roinnt feachtais dhírthe chigireachta faoi fheasacht sláinte agus sábháilteachta a dhírigh, mar shampla, ar dheannach agus ceimiceán a rialú; oibriú ar airde, sábháilteacht feithiclí a bhaineann leis an obair agus bainistíocht tráchta san earnáil foirgníochta; agus tarracóirí agus innealra, oibriú ar airde agus láimhseáil ainmhithe san earnáil talmhaíochta. Ar an iomlán, léirigh na cigireachtaí a rinneadh ar fud na n-earnálacha go raibh ráitis sábháilteachta ag 82% de na fostóirí in 2019, líon a mhéadaigh go 84% in 2020.

Feasacht a mhéadú ar na rioscaí a eascraíonn as ceimiceáin

Under the strategy, the Authority continued to focus on risks to the health of workers and consumers resulting from chemicals, supporting the EU aim of ensuring a high level of protection on chemical safety.

- Tugadh faoi shuirbhé ar Úsáid Ceimiceán agus foilsíodh é chun an tionchar féideartha ar chuideachtaí na hÉireann a chinneadh i gcás freagrachtaí faoin reachtaíocht ceimiceán mar gheall ar imeacht na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach.
- Tugadh faoi sheiceálacha chun a bhrath an raibh ceimiceáin shrianta i dteicstílí, frámaí speaclaí agus seodra, le béim faoi leith in 2020 ar dhíolachán ar líne. In 2019 agus in 2020, seiceáladh comhlíonadh rialála 1,290 táirge ceimiceach ar mhargadh na hÉireann.
- Tugadh faoi fheachtais forfheidhmíthe le feiceáil an raibh ceimiceáin chontúirteacha (ceimiceáin charcanaigineacha, shó-ghineacha, tocsaineach don atáirgeadh agus/nó íogróirí riospráide nó craicinn) i dtáirgí ceimiceacha éagsúla chun comhlíonadh rialacháin an Aontais Eorpaigh a chinntiú agus chun a chinntiú go gcosnaítear tomhaltóirí agus oibrithe ar na rioscaí a eascraíonn astu siúd.

- Nuashonraíodh Cóid Chleachtas le haghaidh Oibreáin Cheimiceacha, agus cuireadh treoir i dtoll a chéile faoi leasuithe suntasach ar láithreáin COMAH (Rialú Guaiseacha Mórthionóiscí ina bhfuil Substaintí Contúirteacha i gCeist) chomh maith le treoir le haghaidh stóráil idirmheánach shealadach ceimiceán.
- Próiseáladh 323 iarratas pleanála ar úsáid talún a bhain le ceimiceáin in 2019, agus 312 in 2020, líon a sháraigh an líon measta (250) an dá bhliain, agus próiseáladh 335 agus 283 fógra faoi aispeist in 2019 agus in 2020, faoi seach.
- Baineadh leas níos mó as ardáin chumarsáide ar líne ar nós seimineáir ghréasáin, podchraoltaí agus físeán agus cainéil chumarsáide ar líne lena n-áirítear preaseisiúintí chun eolas agus comhairle faoi rialáil ceimiceán a scaipeadh i rith na paindeime.
- Ghlac an tÚdarás páirt ghníomhach i ngníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh a bhaineann le Substaintí nua a bhFuil Imní An-mhór ag Baint Leo (SVHCanna) a shainathint, go háirithe ar leibhéal coiste faoi Chlárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), trí phlé le Ballstáit eile ar an mbeart rialála ba chuí le déanamh.
- Trínár ndeasc cabhrach ceimiceán, tugadh tacaíocht do chuideachtaí ceimiceán Éireannacha a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoi rialacháin maidir le REACH agus Aicmiú, Lipéadú agus Pacáistiú (CLP). In 2019 agus in 2020, phróiseáil an tÚdarás 246 agus 176 iarratas faisnéise REACH. Mórán mar an gcéanna in 2019 agus in 2020, próiseáladh 80 agus 106 iarratas faisnéise CLP.
- Lean an tÚdarás air ag tacú le tionscnaimh Eorpacha a phléann le rioscaí ceimiceacha don tsláinte agus don chomhshaol trínár rannpháirtíocht i gcoistí na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA) chomh maith lenár ndualgais rapóirtéara chun dearcthaí eolaíochtaí a fhorbairt sa Choiste Measúnaithe Riosca agus i gCoiste na mBallstát.
- Mar Bhallstát, rinne an tÚdarás meastóireacht ar dhá shubstaint cheimiceacha agus chuir sé ceithre thogra chun cinn chun substaintí guaiseacha ceimiceacha a aicmiú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh. In 2019, d’athbhreithníomar sé dhréacht-mheastóireacht ar shubstaintí a rinne Ballstáit eile agus 11 mheastóireacht sainchomhaid ECHA. D’athbhreithníomar 16 agus 37 cinn eile, faoi seach, in 2020.



- In 2019, rinne an tÚdarás scagadh ar dhá “ghrúpa substaintí” le haghaidh beart breise rialála. In 2020, ag teacht leis an gcur chuige nua san Aontas Eorpach i leith scagadh, rinneamar scagadh ar sheacht gcinn le haghaidh beart breise rialála.

Feasacht a mhéadú ar sheirbhísí creidiúnaithe INAB agus a n-úsáid

Mhéadaigh INAB líon na n-eagraíochtaí creidiúnaithe go 236 faoi mhí Iúil 2021. In 2019, bhronn INAB 29 creidiúnú nua, agus bronnadh 10 gcinn in 2020. Fuair INAB 19 n-iarratas nua ar chreidiúnú in 2019 agus 15 cinn in 2020, ar bhain 10 gcinn díobh in 2019 agus cúig cinn in 2020 leis an mBreatimeacht. Rinne Bainisteoir INAB 194 cinneadh creidiúnaithe in 2019 agus 315 in 2020. Cuireadh 451 imeacht measúnaithe i gcrích in 2019 agus 379 in 2020. Anuas air sin, chuir INAB cláir chuimsitheacha i gcrích a bhain le rannpháirtíocht páirtithe leasmhara, cur chun cinn an chreidiúnaithe, aitheantas idirnáisiúnta a leathnú, scéimeanna nua a thabhairt isteach agus freagairt do chúrsaí COVID-19 agus Breatimeachta.

Lean INAB air ag déanamh dul chun cinn ar úsáid an chreidiúnaithe chun comhlachtaí dá dtugtar fógra a mheasúnú agus a cheapadh chun tacú le tionscal na hÉireann i rith na straitéise, agus méadaíodh líon na gcomhlachtaí dá dtugtar fógra ó 15 go 18.

Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna náisiúnta i gcás rialacháin an Aontais Eorpaigh

In 2019 agus in 2020, ghlac an tÚdarás páirt in 128 agus 115 coiste agus meitheal dhifriúil san Aontas Eorpach agus go hidirnáisiúnta a bhain lenár sainorduithe sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán agus faireachais margaidh. Chuir an tÚdarás leo siúd ina ngnéithe teicniúla agus beartais trí rannpháirtíocht dhíreach agus, go hindíreach, trí thacú leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta reachtaíocht a fhorbairt ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta.

Rinne an tÚdarás ionadaíocht ar Éirinn trína rannpháirtíocht sa Choiste Comhairleach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair agus ina chruinnithe iomlánacha. Dhírigh an Coiste Comhairleach go mór ar phaindéim COVID-19 i rith 2020 agus bhí an tÚdarás ina chathaoirleach ar Mheitheal an Choiste Chomhairligh ar an bpaindéim agus d’fheidhmigh sé mar rapóirtéir ar na Meithleacha um Threalamh Scáileán Taispeána agus Treoir faoi Chomharthaí Sábháilteachta agus Sláinte Ceirde.

Sholáthair an tÚdarás comhairle theicniúil maidir le rialacháin an Aontais Eorpaigh a fhorbairt agus a thrasú, mar shampla, ag Coiste Dul Chun Cinn Theicniúil an Aontais Eorpaigh ar nuashonrú Rialacháin an Aontais maidir le hOibreáin Bhitheolaíochta agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú), 2019 (I.R. Uimh. 277 de 2019).

Tugadh ionchur freisin maidir le forbairt Rialacháin nua an Aontais Eorpaigh maidir le Faireachas Margaidh (2019/1020/AE) agus ailíniú na rialachán reatha leo siúd agus maidir le hathbheithnithe agus forbairt Threoir nua an Aontais Eorpaigh maidir le hInnealra. Chuir an tÚdarás le sraith coistí comhairleacha faoi fhaireachas margaidh, agus ghlac páirt iontu, a bhain le, mar shampla, Trealamh Cosanta Pearsanta, ardaitheoirí agus brú-threalamh iniompair, agus beartas agus leasanna náisiúnta i reachtaíocht ábhartha táirgí a chur chun cinn.

Mar fhreagairt ar an bpaindéim, chuir an tÚdarás Moladh 2020/403/AE ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar fhaireachas margaidh táirgí, go háirithe teastasú agus lipéadú cuí Trealamh Cosanta Phearsanta. Chomh maith leis sin, cuireadh Cóid Chleachtais i dtoll a chéile nó nuashonraíodh iad le haghaidh oibreáin talmhaíochta, bhitheolaíochta agus cheimiceacha (lena n-áirítear COVID-19 a aicmiú mar oibreán bitheolaíoch i nGrúpa Riosca 3 faoi Threoir 2020 an Aontais Eorpaigh [2020/739/AE]), oibriú in áiteanna cúnga, agus sábháilteacht i ndíonadóireacht.

Anuas ar ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ag an gCoiste Dul Chun Cinn Theicniúil ar an Treoir maidir le hOibreáin Bhitheolaíochta, rinne an tÚdarás ionadaíocht freisin ar Éirinn ag Cruinniú Mullaigh an Aontais Eorpaigh um Láthair Shláintiúil Oibre ar Mhúch as Táthú agus ag comhdháil Uachtaránacht na Fionlainne maidir leis an Treochlár ar Charcanaiginí in 2019. Lean an tÚdarás air ag comhoibriú le EU-OSHA (an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair) agus leis na Ballstáit eile chun deachleachtas a fhorbairt le haghaidh uirlisí measúnaithe riosca ar líne ar nós BeSMART.ie.

Ar an leibhéal náisiúnta, d'oibrigh an tÚdarás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta chun reachtaíocht a fhorbairt agus a chur i dtoll a chéile chun Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Brú-Threalamh Iniompair) (Leasú), 2019 agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Dea-Chleachtais Saotharlainne), 2020 a thrasú, agus chun lánéifeacht a thabhairt do Rialacháin Rotterdam maidir le Ceimiceáin (2012/649/AE) trí I.R. Uimh. 213 de 2019. In 2021, foilsíodh an Cód Cleachtais maidir le hOibreáin Cheimiceacha chun teorainnluachanna a thrasú ón 5ú Treoir ón Aontas Eorpach maidir le Liosta Táscah (2019/1831/AE).

An tÚdarás mar eagraíocht ardfheidhmíochta

Faoi straitéis 2019–21, lean an tÚdarás air ag infheistiú ina fhoireann, a chórais agus a theicneolaíocht. I gcaitheamh na straitéise, tugadh 3.3 lá ar an meán d'oiliúint theicniúil agus bhainisteora dár bhfoireann gach bliain, chun a chinntiú go raibh an inniúlacht agus an saineolas riachtanach acu chun a ndualgais a chomhlíonadh. Ag teacht le straitéis TFC an Údaráis, leanadh le hinfeistiú i gcórais TFC agus é d'aidhm leis na seirbhísí gnó agus TF a athrú ó bhonn. Cuireadh tús le hobair ar ardán TF inmheánach comhroinnte a fhorbairt agus a thabhairt isteach chun bainistíocht a dhéanamh ar sholáthar ár gclár sábháilteachta agus sláinte ceirde, ceimiceán, agus faireachais margaidh. Rinneadh infheistíocht inár bhfeidhmchláir ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta, chomh maith lenár bpríomhuirlisí ar líne (BeSMART.ie, Work Positive agus hsalearning.ie), chun tacaíocht agus comhairle a chur ar fáil do chuideachtaí agus do pháirtithe leasmhara.

I gcaitheamh na straitéise, bhí béim mhéadaithe ag gníomhaíochtaí méadaithe feasachta agus cumarsáide an Údaráis ar na meáin shóisialta, agus dá bhrí sin táimid an-bhunaithe ar ardáin éagsúla. Ar Facebook, bhí lucht leanta 44,100 duine ag an Údarás in 2019 agus 45,100 in 2020; agus ar Twitter bhí lucht leanta 14,700 duine ag an Údarás in 2019 agus 15,100 in 2020. Is féidir le haimsiú lucht féachana gníomhaíochta ar na meáin shóisialta a bheith i bhfad Éireann níos mó ná ár dteagmháil dhíreach leis an lucht leanta mar gheall ar na gcaoi a n-oibríonn na hardáin sin. Uaireanta, is féidir leis na céadta mílte duine postálacha a fheiceáil, agus cuireann na meáin shóisialta ar ár gcumas cumarsáid dhíreach a dhéanamh lenár lucht leanta agus caidreamh a fhorbairt leo. Ag an am céanna, is uirlisí cumhachtacha cumarsáide iad na cainéil mheán thraidisiúnta ar nós na meán clóite, an raidió agus na teilifíse, agus leanaimid orainn á n-úsáid, ina measc san fheachtas faoi thiomáint don obair a reáchtáladh i gcomhpháirt leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus an Garda Síochána.

In 2020, b'éigean don Údarás a chlár oibre, struchtúr, shamhail oibriúcháin agus leithdháileadh acmhainní a oiriúnú mar gheall ar phaindéim COVID-19. Áiríodh leis sin socruithe a dhéanamh don fhoireann le go bhféadfaidís oibriú ón mbaile chun na bearta sláinte poiblí a chomhlíonadh, agus na seirbhísí ar fad a

sholáthar fós. Anuas air sin, forbraíodh cáipéisí treorach praiticiúla faoi oibriú ón mbaile chun tacú le fostóirí agus fostaithe dul in oiriúint do riachtanas an Rialtais oibriú ón mbaile dá bhféadfaí. Mar thoradh ar an obair sin, ghlac an tÚdarás páirt i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta maidir le Cianobair ón Rialtas, a seoladh i mí Eanáir 2021. Bhunaigh an tÚdarás trí fhoireann freagartha náisiúnta ar leith le haghaidh earnálacha ina raibh baol mór go nochtfaí daoine do COVID-19. In 2020, tugadh faoi 5,394 seiceáil a bhain le comhlíonadh an Phrótacail um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte mar gheall ar COVID-19 a eisíodh mí na Bealtaine 2020, agus an Phrótacail um Oibriú go Sábháilte a eisíodh mí na Samhna 2020, agus íoslódáil teimpléid agus ábhar comhlíonta COVID-19 os cionn 400,000 uair ónár suíomh gréasáin. Fuarthas leithdháileadh rialtais breise €4.2 milliún in 2021 chun tacú lenár bhfreagairt do COVID-19 agus don Bhreathmeacht, agus chun ár sainordú ginearálta a chur i bhfeidhm.

Comhoibriú

Baineadh amach spriocanna straitéiseacha an Údaráis trí rannpháirtíocht agus comhoibriú éifeachtach agus díreach le hearnálacha tionscail, ionadaithe fostaithe, rialálaithe eile agus gníomhaireachtaí rialtais. Leagann an tÚdarás béim mhór ar shocruithe oibre comhaontaithe le rialálaithe eile agus gníomhaireachtaí rialtais, mar is léir ón ngar do 40 comhaontú oibríochta difriúil a bhí i bhfeidhm faoi lár 2020, agus 13 cinn díobh siúd ag teacht i bhfeidhm faoin straitéis reatha. Tháinig go leor de na comhaontuithe nua oibríochta chun cinn mar gheall ar phaindeim COVID-19.

Chomhoibrigh an tÚdarás leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; agus an Roinn Sláinte agus grúpaí fostóirí agus fostaithe chun an Prótacal um Fhilleadh ar an Obair go Sábháilte (Bealtaine 2020) a chur i dtoll a chéile chun tacú leis an bhfilleadh ar an obair. Chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh an phrótacail sin, chomhaontaíomar meabhráin tuisceana le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte; an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre; an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara; an Roinn Oideachais; Tusla; agus an tÚdarás um Chosaint lascaigh Mhara. Nuashonraíodh le deireanaí an meabhrán tuisceana maidir le Rialachán Rotterdam leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara, Rannóg Custam na gCoimisinéirí Ioncaim, agus Feidhmeannais Sláinte agus Sábháilteachta Thuaisceart Éireann agus na Ríochta Aontaithe maidir le haitheantas do theastais

infheidhmeachta liachta chun tumadh. Síníodh meabhráin tuisceana nuashonraithe i rith théarma na straitéise seo freisin leis an gCoimisiún um Rialáil Fónais agus an Coimisiún um Rialáil Iarnróid.

Faoin straitéis, lean an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Feirmeoireachta agus an Coiste Comhairleach um Chomhpháirtíocht Sábháilteachta Foirgníochta orthu ag feidhmiú, agus bhí na pleannanna trí bliana a forbraíodh i gcomhpháirt leo faoin straitéis roimhe sin i bhfeidhm go dtí 2020. Forbraíodh Plean Gníomhaíochta nua um Shábháilteacht Feirme agus tá Plean Gníomhaíochta nua um Shábháilteacht Foirgníochta á fhorbairt faoi láthair, agus seoladh an dá phlean in 2021. Tabharfar breac-chuntas iontu ar an gcaoi a n-oibrímid go comhoibríoch le páirtithe leasmhara eile sna hearnálacha ardriosca sin chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach.

I rith thréimhse straitéis 2019–2021, bhí an Breatimeacht ina cheist mhór i gcónaí le haghaidh sábháilteacht agus sláinte ceirde, ceimiceán, faireachas margaidh agus creidiúnú. Lean an tÚdarás air ag comhoibriú le comhghleacaithe sa Ríocht Aontaithe, Tuaisceart Éireann ina measc, orthu siúd agus ar cheisteanna teicniúla agus forfheidhmithe. Leanfar leis an gcomhoibriú dlúth lenár gcomhghleacaithe sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann agus cuirfear san áireamh ag an am céanna forbairtí eile a thiocfaidh chun cinn sa chaidreamh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach.

Chun ár spriocanna straitéiseacha a bhaint amach, lean an tÚdarás air ag tabhairt spreagadh agus tacaíochta d'fhiontair chun freagracht a ghlacadh as a gcomhlíonadh, agus ghlac sé beart forfheidhmithe cuí agus comhréireach nuair nár chomhlíon fiontair a ndualgais. Chabhraigh an tÚdarás le fiontair a riachtanais chreidiúnaithe a bhaint amach chun a dtomhaltóirí a chosaint agus a ngnó a leathnú, agus ghlac sé páirt ghníomhach i mbeartais a bhunú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus ar an leibhéal náisiúnta faoi shábháilteacht agus sláinte ceirde, ceimiceán, creidiúnú agus faireachas margaidh. Cé gur oibrigh an tÚdarás go neamhspleách, nuair ba chúí d'oibrigh agus chomhoibrigh an tÚdarás le heagraíochtaí eile chun ár dtorthaí straitéiseacha a bhaint amach agus chun ár bhfís de shaolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla a fhíorú.

Ár bhFís:

Saolta agus fiontair shláintiúla, shábháilte agus tháirgiúla



An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta
Health and Safety Authority

An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta

Guthán: 0818 289 389

Glaonna idirnáisiúnta

00353 1 614 7000

www.hsa.ie